



**An Coimisiún um  
Chosaint Sonraí**  
Data Protection  
Commission

**Coiste Iniúchóireachta agus  
Riosca  
an Choimisiúin um Chosaint  
Sonraí**

**Cairt / Téarmaí Tagartha**

## Clár na nÁbhar

---

1. Bunú Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an DPC.....	3
2. Cuspóir an Choiste .....	3
3. Comhaltas .....	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
4. Freagrachtaí an Choiste .....	4
5. Rúnaí an Choiste .....	4
6. Clár Oibre an Choiste .....	5
7. Tacaíocht agus Oilúint.....	6
8. Cruinnithe .....	6
9. Saineolas agus Rochtain.....	6
10. Nós Imeachta do Choinbhleachtaí Leasa .....	7
11. Tuairisciú .....	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
12. Athbhreithniú Bliantúil agus Próiseas Measúnaithe.....	7
Aguisín 1: Doiciméid Sheachtracha Ábhartha.....	9
Aguisín 2: Doiciméid Inmheánacha Ábhartha an DPC .....	9
Aguisín 3: Míreanna Léiritheacha ar Chlár Oibre do Chruinnithe Coiste.....	10
Aguisín 4: Tuarascáil Bhliantúil an Choiste .....	10

## 1. Bunú Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an DPC

---

- 1.1 Éilítear faoi Alt 25 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 ('an tAcht') ar an gCoimisinéir, nó Cathaoirleach an Choiste, um Chosaint Sonraí a bheith ina (h)Oifigeach Cuntasaíochta i ndáil le cuntais leithreasa an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (DPC), chun críocha Achtanna an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 1866 go 1998.
- 1.2 De réir an Chaighdeán Rialachais Chorporáidigh don Státseirbhís (2015)<sup>1</sup>, agus maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)<sup>2</sup>, a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), bhunaigh an DPC Coiste Iniúcháireachta agus Riosca dá chuid féin a mbeidh éifeacht leis ó mhí Eanáir 2020.
- 1.3 Sna Téarmaí Tagartha seo, tugtar san áireamh an Treoir ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca (2016)<sup>3</sup>, atá ina cuid den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, a d'eisigh an DPER freisin.

## 2. Cuspóir an Choiste

---

- 2.1 Is é an cuspóir atá ag Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an DPC ('an Coiste') ná:
  - Athbhreithniú a dhéanamh ar chomh cuimsitheach is atá ráthaíochtaí maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus an timpeallacht rialaithe i ndáil le riachtanais ráthaíochta an Oifigh Cuntasaíochta a bhaint amach;
  - Athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ardchaighdeán na ráthaíochtaí sin;
  - Athbhreithniú a dhéanamh ar ardchaighdeán na ráiteas airgeadais; agus
  - Comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le chomh maith is a thacaíonn ráthaíochtaí léi chun cinntí a dhéanamh agus chun oibleagáidí cuntasachta a chomhlíonadh.
- 2.2 Feidhmíonn an Coiste go neamhspleách ar bhainistíocht an DPC trína Choiste Bainistíochta Sinsearaí (SMC) féin.
- 2.3 Tá údarás ag an gCoiste aon cheisteanna a iniúchadh laistigh dá Théarmaí Tagartha, agus tá teacht ag an gCoiste ar na hacmhainní, an fhaisnéis agus an chomhairle ghairmiúil sheachtrach a theastaíonn uaidh d'fhonn sin a dhéanamh.

## 3. Comhaltas

---

- 3.1 Is é an tOifigeach Cuntasaíochta, i gcomhairle leis an gCathaoirleach, a cheapann Comhaltaí an Choiste.
- 3.2 Is mar seo a leanas Comhaltaí reatha an Choiste.
  - Cathaoirleach an Choiste

---

<sup>1</sup>[An Caighdeán Rialachais Chorporáidigh don Státseirbhís \(2015\)](#) arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER).

<sup>2</sup>Baineann *An Caighdeán Rialachais Chorporáidigh don Státseirbhís* leis an DPC mar chomhlacht a bhfuil vóta aige. Mar sin féin, toisc nach gcuirtear treoir mhionsonraithe ar fáil sa Chaighdeán sin maidir le Coistí Iniúcháireachta agus Riosca tagraíonn an DPC don [Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú \(2016\)](#) arna eisiúint ag an DPER, ina struchtúr rialachais lena n-áirítear a Choiste Iniúcháireachta agus Riosca féin.

<sup>3</sup>An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú—[Treoir ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca \(2016\)](#) arna eisiúint ag an DPER.

- An tUasal Conan McKenna (ceaptha an 1 Eanáir 2020)
- Comhaltaí an Choiste–Lasmuigh den DPC
  - Karen Kehily, Uasal (ceaptha an 1 Eanáir 2020)
  - Bride Rosney, Uasal (ceaptha an 1 Eanáir 2020)
  - An tUasal Michael Horgan (ceaptha an 1 Eanáir 2020)
- Comhalta an Choiste–Comhalta Foirne DPC
  - An tUasal Graham Doyle (Leas-Choimisinéir Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha, na Meán agus Cumarsáide) (ceaptha an 1 Eanáir 2020)

3.3 Maireann ceapacháin chuig an gCoiste ar feadh trí bliana ón dáta a dhéantar an ceapachán. D'fhéadfaí ceapachán a athnuachan trí chomhaontú frithpháirteach, go ceann trí bliana eile, ar feadh uasmhéid de shé bliana ar an iomlán.

## 4. Freagrachtaí an Choiste

---

4.1 Tugann an Coiste comhairle don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le:

- Próisis agus gníomhaíochtaí ráthaíochta an DPC a bhaineann le bainistíocht riosca, rialuithe inmheánacha agus rialachas;
- Beartais agus nósanna imeachta airgeadais an DPC, lena n-áirítear an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear iad ar aghaidh chun iniúchóireacht a dhéanamh orthu;
- Na gníomhaíochtaí, aschuir agus torthaí atá beartaithe a bhaineann le hiniúchóireachtaí inmheánacha agus seachtracha araon;
- Leordhóthanacht fhreagraí na bainistíochta ar shaincheistanna a aithnítear trí ghníomhaíocht iniúchóireachta.

4.2 Tá freagracht faoi leith ar Chathaoirleach an Choiste as a chinntiú:

- Go gcuirtear acmhainní leordhóthanacha ar fáil don Choiste;
- Go bhfuil an Cathaoirleach rannpháirteach maidir le Comhaltaí nua a cheapadh chuig an gCoiste;
- Go ndéanann an Coiste athbhreithniú ar Thuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí agus ar fhreagraí ón mbainistíocht, agus go gcinntíonn sé go gcuirtear gníomhartha i gcrích.
- Go gcuimsítear eolas ábhartha i dtuarascálacha chuig an Oifigeach Cuntasaíochta agus go gcuirtear iad ar fáil ag an am ceart agus i leagan amach atá oiriúnach;
- Go gcuirtear Comhaltaí neamhláithreacha de chuid an Choiste ar an eolas maidir le cruinnithe agus go ndéantar taifid freastail a choinneáil agus a athbhreithniú ar bhonn bliantúil;
- Go dtugtar tuairisc ar nithe atá tagtha chun cinn ag gach cruinniú ina dhiaidh sin.

## 5. Rúnaí an Choiste

---

5.1 Cuireann Aonad Riosca agus Rialachais an DPC tacaíocht rúnaíochta ar fáil don Choiste. Tá Rúnaí an Choiste, Anne Pickett Uasal, ina Ceannasaí ar Aonad Riosca agus Rialachais an DPC.

5.2 Is mar seo a leanas freagrachtaí agus gníomhaíochtaí Rúnaí an Choiste:

- Oiliúint ionduchtaithe agus aon oiliúint bhreise a eagrú do Chomhaltaí an Choiste;
- Gach cruinniú de chuid an Choiste a sceidealú agus a éascú;

- Dréachtchláir oibre agus dréachtmhiontuairiscí a ullmhú, comhoibriú le comhghleacaithe DPC chun faisnéis agus ábhar cruinnithe a chur i dtoll a chéile, agus ábhar cruinnithe a scaipeadh ar Chomhaltaí an Choiste;
- Súil a choinneáil ar dhul chun cinn in aghaidh gníomhartha comhaontaithe idir cruinnithe de chuid an Choiste;
- An Coiste a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí agus athruithe ábhartha sa DPC;
- Tacú leis an gCoiste chun an Clár Oibre Bliantúil agus an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú;
- Taifid freastail ar chruinnithe an Choiste, Clár Leasanna na gComhaltaí agus taifid na gceapachán a choinneáil.

## 6. Clár Oibre an Choiste

---

6.1 Comhaontaíonn an Coiste a Chlár Oibre Bliantúil roimh ré. Go hiondúil, cuimsítear an méid seo a leanas sa Chlár Oibre:

- Sceideal na gcruinnithe don bhliain atá le teacht;
- Rannpháirtíocht le hiniúcháir seachtrach an DPC, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG), a chur sa sceideal;
- Rannpháirtíocht le soláthraí na seirbhíse Iniúcháireachta Inmheánaí a chur sa sceideal;
- Clár d'iniúcháireacht inmheánach don bhliain atá le teacht;
- An próiseas agus an sceideal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach.

6.2 D'fhonn a chuid freagrachtaí a bhaint amach maidir le comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta, d'fhéadfaí a áireamh i ngníomhaíochtaí an Choiste, ach gan a bheith teoranta dóibh, an méid seo a leanas:

- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht gníomhaíochtaí iniúcháireachta inmheánaí<sup>4</sup> an DPC, ar raon feidhme beartaithe na ngníomhaíochtaí iniúcháireachta agus na réimsí riosca a chur in ord tosaíochta, agus ar dhul chun cinn na hiniúcháireachta inmheánaí in aghaidh an sceidil bliantúil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar litreacha bainistíochta agus litreacha uiríll de chuid an C&AG, athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagraí an DPC, agus teagmháil a dhéanamh go díreach leis an C&AG ar bhonn bliantúil ar a laghad;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtráitis airgeadais sula moltar go nglacfaidh an tOifigeach Cuntasaíochta leo, lena n-áirítear a chur san áireamh conas mar a cuireadh beartais i bhfeidhm d'fhonn taifeadh ceart a chinntiú, agus conas mar a cuireadh próisis i gcrích lena chinntiú go bhfuil rialtacht, ionracas agus nósmaireacht bainte amach, agus a mheas cibé an ndeachthas i ngleic le saincheisteanna a d'éirigh as an C&AG go cuimsitheach agus go cuí, agus a mheas cibé an dtugtar léiriú cóir ar staid airgeadais an DPC sna ráitis airgeadais;
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus beartais agus nósanna imeachta gaolmhara an DPC, iad a athbhreithniú agus a dheimhniú, lena n-áirítear i réimsí na bainistíochta riosca, rialuithe airgeadais, agus rialuithe soláthair chun luach ar airgead a chinntiú.

---

<sup>4</sup>Táthar ag súil go n-oibreoidh soláthraí seirbhíse na hIniúcháireachta Inmheánaí de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha nó de réir caighdeán ghairmiúla chomhionanna.

- 6.3 Tá Clár Oibre an Choiste faoi réir athbhreithniú agus ceadú a fháil ón Oifigeach Cuntasaíochta.
- 6.4 Trí Chlár Oibre an Choiste, cuirtear bunús ar fáil don Choiste chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i rith na bliana.

## 7. Tacaíocht agus Oiliúint

---

- 7.1 Cuirtear oiliúint ionductaithe ar fáil do Chomhaltaí Coiste nuair a cheaptar iad. Eagraíonn Rúnaí an Choiste oiliúint bhreise de réir mar is gá lena chinntiú go bhfanfaidh Comhaltaí cothrom le dáta i ndáil leis an dea-chleachtas agus i ndáil le forbairtí sa rialachas corparáideach.

## 8. Cruinnithe

---

- 8.1 Tagann an Coiste le chéile ceithre huair sa bhliain ar a laghad. D'fhéadfadh an Cathaoirleach cruinnithe breise a thionól, má mheastar go bhfuil sin ag teastáil. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an tOifigeach Cuntasaíochta cruinnithe breise a thionól chun saincheisteanna faoi leith a phlé ar ina leith sin a bhfuil sí ag iarraidh comhairle a fháil ón gCoiste.
- 8.2 Ní mór go mbeadh ar a laghad triúir Comhaltaí Coiste i láthair chun an cruinniú a mheas a bheith le córam.
- 8.3 D'fhéadfadh an Coiste iarraidh ar neamhchomhaltaí freastal ar chruinnithe faoi leith de chuid an Choiste, ag brath ar an gclár oibre, ar nós an tOifigeach Cuntasaíochta, Leas-Choimisinéir Ghnóthaí Corparáideacha & Cumarsáide an DPC, Ceannasaí Aonad Airgeadais an DPC, soláthraí na hIniúcháireachta Inmheánaí nó ionadaí de chuid an C&AG.
- 8.4 Roimh gach cruinniú, cinntíonn an Rúnaíocht go gcuirtear na hábhair seo a leanas, i measc ábhar eile, ar fáil don Choiste má bhaineann siad le hábhar don tréimhse roimhe sin:
- Tuarascáil ina ndéantar achoimre ar aon athruithe suntasacha i gClár Riosca an DPC mar aon le cóip de Chlár Riosca iomlán an DPC atá cothrom le dáta;
  - Tuarascáil ar dhul chun cinn ó sholáthraí na seirbhíse Iniúcháireachta Inmheánaí ina ndéantar achoimre ar obair a cuireadh i gcrích, saincheisteanna atá ag teacht chun cinn, tuarascálacha iniúcháireachta, freagraí ón mbainistíocht ar mholtaí maidir le hiniúcháireachtaí, agus athruithe sa sceideal iniúcháireachta inmheánaí.
  - Tuarascáil ó ionadaí an C&AG ina ndéantar achoimre ar obair a cuireadh i gcrích, saincheisteanna atá ag teacht chun cinn, torthaí agus litir bainistíochta, agus freagraí ó bhainistíocht an DPC;
  - Rialachas, rialuithe agus doiciméid agus tuarascálacha ráthaíochta an DPC;
  - Dréachtráitis airgeadais;
  - Tairiscintí i ndáil le seirbhísí iniúcháireachta inmheánaí a chur ar fáil;
  - Leasuithe i mbeartais agus nósanna imeachta an DPC i mbainistíocht airgeadais, riosca agus rialachas, ar nós, mar shampla, Beartas Bainistithe Riosca an DPC, Creat Rialachais Chorparáidigh an DPC agus Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais an DPC.
- 8.5 Féachann an Coiste lena chinntiú go n-aimsítear cothromaíocht le linn a chuid cruinnithe chun dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann le rialachas, bainistíocht riosca, rialú inmheánach agus tuairisciú airgeadais.

## 9. Saineolas agus Rochtain

---

- 9.1 D'fhéadfadh an Coiste ionchur a iarraidh ó shaineolaithe eile, má bhíonn gá leis, chun sainscileanna agus taithí ábhartha a chur ar fáil chun cuidiú leis an gCoiste i réimsí faoi leith maidir lena chuid freagrachtaí a bhaint amach chun comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta. Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ná sainchomhairle ghairmiúil a chur ar fáil ar chostas réasúnach don DPC, faoi réir buiséad a bheith ar fáil atá le ceadú ag an Oifigeach Cuntasaíochta.
- 9.2 Tá rochtain shaor agus faoi rún ag soláthraí na seirbhíse Iniúchóireachta Inmheánaí agus ag ionadaí an C&AG ar Chathaoirleach an Choiste.

## 10. Nós Imeachta do Choinbhleachtaí Leasa

---

- 10.1 Coinníonn Rúnaí an Choiste Clár Leasanna na gComhaltaí, dé réir mar atá fógartha ag Comhaltaí an Choiste. Déanfar é sin a athbhreithniú go foirmiúil uair sa bhliain ar a laghad mar mhír ar chlár oibre Cruinnithe Coiste.
- 10.2 Ag tús gach cruinnithe, ba chóir do Chomhaltaí an Choiste aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haon cheann de na míreanna gnó atá ar an gclár oibre a thabhairt le fios.
- 10.3 Nuair a fhógraítear coimbhleacht leasa, cinneann Comhaltaí eile an Choiste cibé an bhfuil coimbhleacht leasa ann nó nach bhfuil. Nuair a chinntear go bhfuil coimbhleacht leasa ann, cinneann Comhaltaí eile an Choiste an cur chuige is oiriúnaí atá le glacadh i bhfianaise na gcúinsí. D'fhéadfadh an méid seo a bheith i gceist, mar shampla:
  - Fágann an Comhalta an seomra le linn an phlé agus ní ghlacann sé/sí páirt in aon chinntí a bhaineann leis an bplé; nó
  - Socruithe den chineál céanna a bheith i bhfeidhm maidir le doiciméid an chruinnithe, nuair nach gcuirtear doiciméid dá leithéid ar fáil don Chomhalta.
- 10.4 Déantar nóta de cheisteanna dá dtagraítear thuas i miontuairiscí na gcruinnithe, agus más oiriúnach, nuashonraíonn Rúnaí an Choiste Clár Leasanna na gComhaltaí.

## 11. Tuairisciú

---

- 11.1 Tuairiscíonn an Coiste go foirmiúil i scríbhinn chuig an Oifigeach Cuntasaíochta maidir lena chuid gníomhaíochtaí go rialta agus go tráthúil.
- 11.2 Le linn na chéad ráithe de gach bliain airgeadais, cuireann an Coiste Tuarascáil Bhliantúil don bhliain roimhe sin ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta atá tomhaiste chun tacú le Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais an DPC a thabhairt chun críche. Téigh chuig Aguisín 4 chun teacht ar ábhar léiritheach de Thuarascáil Bhliantúil an Choiste.

## 12. Athbhreithniú Bliantúil agus Próiseas Measúnaithe

---

- 12.1 Mar chuid d'ullmhúchán a dhéanamh do Thuarascáil Bhliantúil an Choiste, tugann an Coiste faoi athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a éifeachtacht féin, go hiondúil le linn cruinníú sceidealaithe de chuid an Choiste.

- 12.2 D'fhonn an t-athbhreithniú ar éifeachtacht a chur i gcrích, breithníonn Comhaltaí an Choiste an Seicliosta d'Éifeachtacht de chuid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca laistigh den Treoir ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- 12.3 Cuimsítear toradh an athbhreithnithe i dTuarascáil Bhliantúil an Choiste atá le cur faoi bhráid an Oifigigh Cuntasaíochta.
- 12.4 Chomh maith leis sin, déanann an Coiste athbhreithniú ar a chuid Téarmaí Tagartha uair amháin sa bhliain ar a laghad agus tugann sé moltaí don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le haon athruithe is gá a dhéanamh.
- 12.5 Cinntíonn Cathaoirleach an Choiste go gcuirtear measúnú ar fáil do Chomhaltaí an Choiste maidir lena bhfeidhmíocht mar Chomhaltaí Coiste.
- 12.6 Is éard atá i gceist leis an bpróiseas measúnaithe mar a bhaineann sé le Cathaoirleach an Choiste ná go mbíonn cruinniú ag an Oifigeach Cuntasaíochta leis an gCathaoirleach, go hiondúil i ndiaidh don Oifigeach Cuntasaíochta Tuarascáil Bhliantúil an Choiste a bhreithniú. Roimh gach cruinniú bliantúil, deimhníonn an tOifigeach Cuntasaíochta leagan amach agus ábhair an chruinnithe leis an gCathaoirleach.



## Aguisín 1: Doiciméid Sheachtracha Ábhartha

---

- i. **Caighdeán Rialachais Chorporáidigh don Státseirbhís** (DPER, 2015) – ar fáil ag: <https://assets.gov.ie/5509/100119144712-73354f908b574c46b20623ecd0647087.pdf>;
- ii. **An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016** (DPER, 2016) – ar fáil ag: <https://govacc.per.gov.ie/wp-content/uploads/Code-of-Practice-for-the-Governance-of-State-Bodies.pdf>;
- iii. **An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – Treoir ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca** (DPER, 2016) – ar fáil ag: <https://govacc.per.gov.ie/wp-content/uploads/Audit-and-Risk-Committee-Guidance.pdf>;
- iv. **Na Róil agus Freagrachtaí atá ag Oifigigh Cuntasaíochta – Meamram d’Oifigigh Chuntasaíochta** (DPER, 2011) – ar fáil ag: <https://govacc.per.gov.ie/wp-content/uploads/2014/06/Accounting-Officers-Memo.pdf>;
- v. **An Cód Caiteachais Phoiblí** (DPER, 2013) – ar fáil ag: <https://publicspendingcode.per.gov.ie/>.

## Aguisín 2: Doiciméid Inmheánacha Ábhartha an DPC

---

- i. Creat Rialachais Chorporáidigh an DPC
- ii. Comhaontú Rialachais Chorporáidigh idir an DPC agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (arna ullmhú faoi láthair ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an DPC)
- iii. Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais an DPC
- iv. Beartais agus Nósanna Imeachta Soláthair an DPC
- v. Beartas Bainistíochta Riosca an DPC
- vi. Clár Riosca an DPC
- vii. Comhaontú Seirbhíse um Iniúcháireacht Inmheánach (arna ullmhú faoi láthair ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an DPC)

### **Aguisín 3: Míreanna Léiritheacha ar Chlár Oibre do Chruinnithe Coiste**

---

Is é Rúnaí an Choiste, faoi stiúir an Chathaoirligh, agus le hionchur ó na Comhaltaí, a ullmhaíonn an clár oibre do gach cruinniú. Chun críocha léiritheacha amháin, is mar seo a leanas a leagtar amach míreanna ionchasacha ar an gclár oibre.

1. Miontuairiscí ón gcruinniú deireanach a cheadú
2. An Clár Oibre don chruinniú reatha a cheadú
3. Dearbhuithe Leasa
4. Nuashonraí ar Liosta na nGníomhaíochtaí
5. Tuarascálacha Iniúcháir Inmheánaigh agus Nuashonraithe sa Chlár Oibre
6. Nuashonraithe don Iniúcháireacht Sheachtrach / don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG)
7. Bainistíocht Riosca
8. Clár Oiliúna an Choiste
9. Athbhreithniú ar Chlár Oibre Bliantúil an Choiste

### **Aguisín 4: Tuarascáil Bhliantúil an Choiste**

---

Ullmhaíonn an Coiste a Thuarascáil Bhliantúil féin, le tacaíocht ó Rúnaí an Choiste, ailínithe leis an amchlár maidir le Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an DPC a ullmhú (faoi Alt 24 den Acht). Chun críocha léiritheacha amháin, is mar seo a leanas a leagtar amach codanna ionchasacha de Thuarascáil Bhliantúil an Choiste.

1. Réamhrá
2. Achoimre ar Théarmaí Tagartha an Choiste
3. Tuarascáil ó Chruinnithe Coiste
4. Athbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
  - Clár Oiliúna an Choiste
  - Clár Oibre an Choiste
  - Tuarascálacha Iniúcháir Inmheánaigh agus Moltaí
  - Iniúcháireacht agus Rannpháirtíocht C&AG
  - Bainistíocht Riosca
  - Athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais
  - Ceisteanna Rialachais
  - Ráitis ar Rialuithe Inmheánacha
  - Cumarsáid agus Rannpháirtíocht
    - Rannpháirtíocht leis an Oifigeach Cuntasaíochta
    - Rannpháirtíocht le Coiste Bainistíochta Sinsearaí an DPC
    - Rannpháirtíochtaí eile (más gá)
5. Conclúidí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
  - Leordhóthanacht na bainistíochta riosca agus na gcóras rialaithe inmheánaigh
  - Leordhóthanacht foinsí cinnteachta don Oifigeach Cuntasaíochta
6. Athbhreithniú an Choiste ar a Éifeachtacht féin
7. Moltaí